


Gníomhaíocht Daltaí: Réiteach dhá chomhchothromóid a iniúchadh, nuair atá dhá athróg i gceist

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Comhchothromóidí ina bhfuil 2 athróg', ar CD an Dalta.




1.

a. Lín isteach an tábla thíos:

-x	y=2x+1	y=x+3
-3		
-2		
-1		
0		
1		
2		
3		

b. Tarraing graf a léiríonn gach cothromóid sa tábla thuas.



c. Cá ngearrann na línte a sheasann do $y = 2x + 1$ agus $y = x + 3$ a chéile?


d. Uaidh sin, céard iad comhordanáidí an pointe a shásaíonn an dá chothromóid, $y = 2x + 1$ agus $y = x + 3$?

e. Uaidh sin réitigh $y = 2x + 1$ agus $y = x + 3$.


2. Má tá $2x + y = 6$, scríobh y i dtéarmaí x .

3. Cén íosmhéid pointí a theastaíonn chun líne a tharraingt?


4. Ar na haiseanna céanna agus ar an scála céanna, tarraing an dá líne $x + y = 3$ agus $3x + y = 7$. Cá dtrasghearrann na línte a chéile? Uaidh sin, réitigh na cothromóidí.




5. Ar na haiseanna céanna agus ar an scála céanna, tarraing na línte $2x + 3y = 5$ agus $x + 3y = 2.5$. Cá dtrasghearrann na línte a chéile? Uaidh sin, réitigh na cothromóidí.



6. Ó bheith ag breathnú ar an léaráid thíos, an féidir a rá más comhchothromóidí iad $x + 2y = 5$ agus $0.6x + y = 5$?



7. Fána -1 atá ag an dá líne g agus h atá á léiriú ar an léaráid thíos. An bhfuil pointe ar bith ann a shásaíonn an dá chothromóid $x + y = 5$ agus $-2x - 2y = 5$? Mínigh.



Cothromóidí le réiteach go grafach nó go hailgéabrach

8. Cosnaíonn 1 rolla agus 2 thoradh €4.20 i gceaintín na scoile, agus cosnaíonn 3 rolla agus 1 toradh €9.60. Scríobh dhá chothromóid i dtéarmaí x agus y chun an t-eolas sin a léiriú. Réitigh na cothromóidí agus faigh costas rolla agus costas toraidh.

9. Siopadóir is ea Seán. Má fhostaíonn sé 4 chúntóir siopa agus 1 gharda slándála, beidh párolla €480 sa lá i gceist. Má fhostaíonn sé 2 chúntóir siopa agus 1 gharda slándála is párolla €300 sa lá a bheidh i gceist. Scríobh dhá chothromóid i dtéarmaí x agus y chun an t-eolas sin a léiriú. Réitigh na cothromóidí. Cén tuarastal laethúil a íoctar le cúntóir siopa agus le garda slándála?

10. Tá suim dhá uimhir, a agus b , cothrom le 45, agus tá difríocht an dá uimhir cothrom le 3. Scríobh dhá chothromóid i dtéarmaí a agus b chun an t-eolas sin a léiriú. Réitigh na cothromóidí agus faigh an dá uimhir.

11. Cosnaíonn 5 oráiste agus 3 úll €2.10, agus cosnaíonn 3 oráiste agus 1 úll €1.10. Scríobh dhá chothromóid i dtéarmaí x agus y chun an t-eolas sin a léiriú. Réitigh na cothromóidí agus faigh costas oráiste agus costas úill.

12. Tá coiníní agus budragáir san éanadán. 29 cloigeann ar fad atá le feiceáil agus 98 cos. Léirigh an fhadhb sin i bhfoirm dhá chothromóid, agus réitigh na cothromóidí. Cé mhéad coinín atá ann, agus cé mhéad budragár?

13. Scríobh scéilín a d'fhéadfaí a léiriú leis an dá chomhchothromóid thíos:

$$2x+y = 11 \qquad x-2y = 3$$

Dúshlán

14. Gearrann carrchlós táille iontrála $\text{€}a$, agus $\text{€}b$ san uair ina dhiaidh sin. D'íoc Eoin $\text{€}14$ ar 4 uair an chloig páirceála agus d'íoc Sorcha $\text{€}20$ ar 6 uair an chloig páirceála. Scríobh dhá chothromóid i dtéarmaí a agus b chun an t-eolas sin a léiriú. Réitigh na cothromóidí agus faigh an táille iontrála agus costas uair an chloig páirceála.
